


SCÉIM AITHEANTAIS MAR SCOIL GHAELTACHTA

Critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta



1	Leathnú ar an bhfáil ar churaclam iomlán trí Ghaeilge, seachas curaclam an Bhéarla agus teangacha eile, de réir mar a ghluaiseann an scoil i dtreo cur chuige lántumtha ¹
2	Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na scoláirí uile agus aird ar leith á dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge ² chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge
3	Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt: <ul style="list-style-type: none">a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agusa dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, scoláirí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta)
4	Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)
5	Sonraíocht T1 ³ don Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach
6	Acmhainní Gaeilge ⁴ a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas Béarla agus teangacha eile
7	Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge
8	Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta
9	Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile
10	Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le bunscoileanna agus/nó iar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge trí úsáid a bhaint as deiseanna foghlama ar líne agus foghlama cumaisc
11	Gach iarracht le foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus chultúrtha na Gaeltachta.

1. Ciallaíonn lántumadh go bhfeidhmíonn an timpeallacht oideachais trí Ghaeilge (an Ghaeilge, sa chás seo, mar chéad teanga na scoile), agus sa teanga sin amháin seachas Béarla agus teangacha eile. Cuidíonn sé seo le forbairt níos iomláine ar inniúlachtaí teanga na scoláirí.
2. Sainmhínítear cainteoir dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge ina labhraíonn a t(h)uismitheoirí Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amhlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/í. (Polasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, lch 11)
3. Tagraíonn T1 don Ghaeilge mar phríomhtheanga na scoile i dtaca le teagasc agus foghlaim, agus cumarsáid i ngnóthaí oifigiúla, riaracháin, siamsaíochta agus caitheamh aimsire.
4. Cuireann suíomh gréasáin COGG www.cogg.ie acmhainní éagsúla ar fáil chun tacú leis an teagasc trí Ghaeilge i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta.